Polasaí Frith-Bhulaíochta

Cúlra

Nuair a oibríonn foireann na scoile, daltaí agus tuismitheoirí le cheile cruthaítear timpeallacht níos tuisceanaí, cúitéisí agus co-oibreach do dhaltai Ghaelscoil an Eiscir Riada.

Tá sé de cheart ag gach dalta sult a bhaint as an bhfoghlaim agus spraoi saor ó eagla. Ní ghlacann an Ghaelscoil le bullaíocht riamh. Tógann na baill den phobail Ghaelscoile orthu féin atmeasféar sábháilte agus tuisceanach a chothaíonn fás pearsanta agus féin-mheas a chruthú do ghach éinne.

'Sé ról na scoile seo ná an caighdeán oideachas is aired a chur ar fáil do na daltaí. Tá timpeallacht cinnte agus buan riachtanach don aidhm seo. Déanann bullaíocht diabhail d'oideachas agus do mhothúcháin an duine. Tá sé I gceist againn, leis an bpolasaí seo, ná cosc a chur le bulaíocht agus bealach chun deileáil leis má tharlaíonn sé.

Céard é bulaíocht?

'Séard ata I gceist le bullaíocht ná ionsaí labhartha, fisiciúil, síceolaíocht leanúnach ag duine aonar nó grúpa a chuireann isteach nó a bhíonn pianmhar ar dhuine eile. Tá an iompar seo leanúnach agus modhúil. Is iompar é atá foghlamtha agus is feidir é a ath-fhoghlaim.

Bíonn argóintí agus uaireanta troid idir páistí ar scoil ach nuair atá beirt I gceist leis seo ní féidir bulaíocht a ghlaoch ar seo. Ní bulaíocht aon eachtra aonaracha bhagrach.

Samplai de Bhulaíocht

- Foréigean fisiciúil ar nós bualadh,brú nó caithemh seile
- Ag cur isteach ar mhaoin daoine eile trí ghoid, cur-i-bhfolach, ag déanamh damáiste dó nó dá mhilleadh
- Ag fágáil daoine eile amach
- Ag glaoch ainmneacha déisteanach ar dhaoine, ag cleithmhagadh nó ag cur ráflaí amach faoi dhaoine eile nó a gclainn
- Ag cur sios go dona ar dhaoine eile, ar a n-iarrachtaí nó a n-ábalacht
- Ag scríobh nótaí gairsíula nó graffiti faoi dhaoine eile
- Ag cur síos go truailleachar chultúr, reiligiún nó cúlra sóisilata dahoine eile
- Ag trácht go gairsiúl ar dhaoine eile
- Ag magadh faoi chuma daoine, a éadaí nó an áit ina bhfuil siad ina gcónaí
- Ag cur iallach ar dhaoine eile rúdaí a dhéanamh in aghaidh a dtola.

Má ta bulaíocht dá dhéanamh orainn:

Uaireanta tarlaíonn buláiocht ganfáth do dhalta agus …….

- D'fhéadfadh faitíos, náire nó fearg a bheith orainn
- D'fhéadfadh ár n-oibre, ár gcodladh nó ár gcumas dianmhacnamh fulaingt

- D'féadfadh ár gcaidrimh lenár gcairdenó clainn dul in olcas
- D'féadfadh muid bheith trí na chéile nó I ngan fhios céard a le déanamh faoin bhfadhb
- Is féidir leis a bheith eagraithe nó gan beart
- D'féadfadh daoine aonaracha nó grúpaí a bheith I gceist
- Ná dean dearmad má tá tú bulaithe nach ort atá an locht

Staitéisí chun cosc a chuir le bullaíocht sa Ghaelscoil

Tarlaíonn bulaíocht in atmasfear rúnda agus aichinnteacht. Ní mór do mhuinteóirí, tuismitheóirí agus páistí a bheith áirdeallach chun bulaíocht a aimsiu agus chun deiléail leis ar bhealach cóir.

Múintear an clár Bí sábhailte I ngach rang sa scoil. Cabhraíonn sé seo le daltaí agus múinteóirí bulaíocht a aimsiú. Tugann sé straitéisí do mhúintéoirí agus daltaí chun déileáil le bulaíocht tre rólghlacadh agus plé. Líonann daltaí billeoga oibre I gcóir obair bhaile a shíníonn tuistí. Úsáideann an scoil straiteisí eile chun aird na ndaltaí a dhíriú agus chun atmasféar a chothú ina bhfuil a fhios ag daltaí nach nglacfar leis an iompar seo agus go bhfuil daltaí sásta inseacht faoi bhulaíocht.

Mar phobal scoile ní ligfidh muid cead do bhulaíocht tarlú I ngan fhios agus labhroidh muid faoi fiú nuair a chuireann sé muid féin I gcontúirt.

Ról na foirne scoile

- Inseacht do phaistí ón tús nach nglacfar le bulaíocht
- Cur I gcuimhne do dhaltaí faoina gcearta agus a ndualgaisí
- Bheith inár deá-sampla I gcónaí
- Bheith áirdeallach ar an comhrathaí do chrá croí nó do bhullaíocht
- Iarrachtai a dhéanamh bac a chur le bulaíocht tré aire mhaith a thabhairt do dhaltaí ar an gclós agus thart timpeall na scoile I gcónaí
- Tuairisc scríofa d'eachtraí bulaíochta nó eachtraí a d'féadfaí o raibh bullaíocht a bheith I gceist. Cóip dó sin a thabahairt don phríomhoide nó leas-príomhoide don todhchaí
- Bheith sa rang in am, dul go mear le daltaí ón rang go dtí an clós agus a bheith I láthar I gcónaí sa rang I rith am múineadh
- Déan iarrachtaí chun cabhrú le daltaí a thíos le bullaíocht agus bain amach aon fúinse crá croí ag smaoineamh ar dhearcadh agus mothúcháin an duine sin agus gan iad a chur I gcontúirt
- Inis don príomhoide faoi aon eachtra a cheapann tu go m'bhféidir go bhfuil bulllaiocht I gceist sa chaoi is gur féidir leí inseacht don fhoireann. Cabhróidh sé seo le monatóireacht a dhéanamh ar an gcás agus chun déileail leis go heifeachtúil.
- Muna bhfuil baill den fhoireann cinnte gur bulaíocht ata I gceist ba cheart go bpléfeadh siad an chás leis an bpríomhoide.

Ról na nDaltaí

- Ná bi bainteach le haon bulaíocht
- Má tá tú láthar nuair ata bulaíocht ar siúl déan mar a deirtear sa chlár Bí Slán

- Inis do dhuine fásta faoin bulaíocht , ní inseacht scéalta é seo . Muna insíonn tú, tá tú ag glacadh leis an mbulaíocht
- Má inisíonn daltaí go bhfuil bulaíocht ar siúl agus ma bhíonn siad cróga tré inseacht faoi, cabhróidh sé le daltaí eile agus b'fheidir leo féin.

Moltaí do Thuistí

- Fair amach I gcóir comharthaí crá croi ie. Gan a bheith ag iarraidh teacht ar scoil, patrúin de thinneas cinn, nithe in easnamh ar do pháiste, fiaradh I gcóir breis airgid, éadaí sraichte,baill gorm
- Glac suim I saol sóisialta agus cairde do pháiste
- Abair le do phaiste inseacht faoi eachtra iad féin. Cabhraíonn sé seo le féin-mhuinín agus leis an pháiste déileáil leis an bhfadhb iad féin.
- Inis don scoil ma cheapann tú go bhfuil bulaíocht ar siúl.
- Coimead cúntas scríofa(cé, céard, cén uair, cén fáth, cén bhealach), cabhraíonn sé seo leis an scoil conas déileáil leis an bhfadhb agus le do pháiste da réir.
- Ná hinis do do pháiste díoltas a bhaint amach
- Tar éis caidrimh coir inis do do phaiste go bhfuil sé feiliúnach do thuismitheoir cabhru sa chás seo.
- Bheith sásta teacht chuig na scoile chun labhairt faoi eachtra bullaíochta má tá do pháiste bainteach leis.

Conas mar a mhuineann an scoil do dhaltaí dul I ngleic ar bhulaíocht

(Leanann sé seo Treoireacha an Roinn Oideachas 1993)

1. Tugann dalta nó tuismitheoir cúntas go bhfuil bullaíocht ar siúl
2. Iarrann an muinteoir a tugadh an cúntas dóibh ceisteanna faoi céard, cén áit, cathain agus cén fáth go séimh agus tugann siad tuairisc don phríomhoide
3. Má tá grúpa I gceist cuirtear na ceisteanna ar bhaill go haonarach agus ansin na baill ar fad le chéile. Iarrtar ar ghach duine cúntas a thabhairt ar a tharla sa chaoi is go bhfuil a fhios ag gach duine céard atá ráite.
4. Má thagtar ar an scéal go raibh dalta ag bulaíocht cuirtear in iúl dóibh go bhfuil sé/sí ag briseadh an chód smachta.
5. Déanfaidh an mhúinteoir iarracht an scéal a thuiscint ó thaobh an duine atá thíos leis an mbulaíocht.
6. Beidh cúntas scríofa ag an mhúinteóir ar an plé a déanadh. Iarrfar orthu siúd a bhí bainteach leis an gcás cúntas a scríobh freisin.
7. Bualfar le tuistí páistí a bhí bainteach le bulaíocht. Cuirfear na gníomh in iúl do thuistí chomh maith leis na fáthanna do na gníomh seo agus leanfar cód smachta na scoile. Iarrfar ar thuistí na gníomhanna a threisliú. Tuigeann muid go bhfuil sé deacair do thuistí glacadh go bhfuil baint ag a bpaiste le

bulaíocht ach is é ról scoile deireadh a chur leis an mbulaíocht agus tá comh oibriú tuistí ag teastáil. Ní chabhríonn diúltiú faidhbe an chás a réitiú.

8. Braitheann an gníomh a dhéantar ar an gcás agus ar aois na ndaltaí. Ní bheidh aon dá chás mar a chéile agus pléifear gach cás ar leith. Beidh baint ag an múinteóir ranga, an príomhoide, tuistí agus más gá, an Bhoird Bainistíochta leis aon gníomh a thógtar.

Beart gur feidir leis an scoil a dhéanamh I gcás bullaíocht

Is féidir cuid de na gníomhaíochtaí thíos, iad ar fad, nó cuid acu le chéile a usáid chun stop nó cosc a chur le bulaíocht.

- Athrú ar mheoin agus iompar dalta tríd an clár Bí Slán, RSE, am ciorcal agus rl.
- Athmhuintearas idir bheirt dalta mas féidir
- Deisiú a dhéanamh ar dheá-thoil agus teacht le chéile más féidir
- Tacaíocht a thabahairt agus comhairleor a fháil más gá tríd an HSE.
- Smachtbhannaí nó staitéisí mar atá leagtha amach sa chód smachta.

Ba mhaith leis an mBord Bainistíochta buíochas a ghlacadh leo seo a leannas dá chabhair chun an polasaí seo a chur I gcríoch:

NEPS

Child and Family Services ón mBord Sláinte

Déanadh tagairt de na treoireacha seo a leannas nuair a bhí an polasaí dá chuir le chéile: